DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 11 Nollaig 2023

TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**
Bhí Róisín Ní Raighne ar Zoom agus na Comhaltaí Boird eile i láthair i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí na Samhna.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1* *Buiséad 2024:* Ghabh an tArd-Stiúrthóir buíochas leis an Stiúrthóir Airgeadais agus a foireann as an maoiniú forlíontach de €4m a bhaint amach, an maoiniú forlíontach is mó a fuair TG4 go dtí seo. Dúradh go gcabhródh an maoiniú le gníomhaíochtaí a bhí beartaithe a chuir i gcrích.

Dúradh go mbeadh brú ar an bhuiséad arís in 2024 agus go mbeadh sé tábhachtach an cóimheas d’airgead inmheánach a choinneáil ag leibhéal seasta agus formhór an mhaoinithe a chur amach go dtí an earnáil léiriúcháin neamhspleách.

*5.1.2* *RTE:* Dúradh go raibh straitéis nua foilsithe ‘*A new direction for RTÉ*’. Is dóiche go ndéanfar dul chun cinn anois maidir le aontú ar ‘baseline public funding level’, mar a bhí molta i dtuairisc an Choimisiún Um

DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

Thodhchaí na Meán. Dúradh go mbeadh sé tábhachtach do TG4 deiseanna a thapú sa mbliain romhainn chun paraidím na craoltóireachta Gaeilge a athrú. Sa gcás go dtiocfaidh ardú maoinithe RTE i bhfeidhm in 2025, agus nach dtiocfadh moltaí Choimisiún na Meán i leith na meáin Ghaeilge i bhfeidhm go dtí 2026, bheadh gá brú a dhéanamh le maoiniú eatramhach a fháil do TG4 in 2025.

*5.1.3* *Coimisiún na Meán:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinniú dearfach aige le Coimisiún na Meán ar an 8ú Samhain. Chuireadar in iúl go raibh duine coimisiúnaithe ag CnaM le Tuarascáil Taighde a dhéanamh ar Nuacht TG4 agus súil moladh a chur ar aghaidh faoi Nuacht TG4 roimh dheireadh an chéad ráithe de 2024.

Tá cruinniú beartaithe le Coimisinéir Forbartha na Meán go luath in 2024 le plé ar an gcur chuige atá in moladh **7-2** i dtuarascáil an Choimisiún um Thodhchaí na Meán. Dúirt an tArd-Stiúrthóir go mbeadh an-tábhacht le glór an Bhoird le cinntiú go mbeidh toradh dearfach ar Moladh 7-1 agus 7-2.

5.2 **Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíochtaí, Cartlann**

5.2.1 *Junior Eurovision:* Cuireadh in iúi gurb í Jessica McKean a rinne ionadaíocht ar son na hÉireann ag an *Junior Eurovision* i mbliana, leis an amhrán 'Aisling'. Dúradh go ndéanfaí léirmheas ar an gcur chuige maidir le Junior Eurovision ag deireadh an tséasúir.

5.2.2 *Aerfort Dhún na nGall:* Dúradh go raibh sraith faisnéise 4 chlár nua tosaithe le seachtain a thugann léargas ar Aerfort Dhún na nGall trí scéalta pearsanta na bpaisinéirí agus foireann an aerfoirt.

*5.2.3* *Scoil Samhraidh Willie Clancy:* Luadh sraith nua de *Scoil Samhraidh Willie Clancy* a taifeadadh ar an láthair i Sráid na Cathrach in Iúil 2023, atá á chraoladh faoi láthair.

*5.2.3* *Béalbhinn - Acmhainn nua oideachais ó TG4 Foghlaim agus COGG:* Déanadh tagairt do shraith nua foghlama, *Béalbhinn*, léirithe ag MOC2. Is mion-sraith í seo le tacú le scoláirí atá ag tabhairt faoin Sraith Shinsearach agus faoin scrúdú Gaeilge A2.

DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

5.2.4 Luadh gur thug Fáilte Ireland aitheantas, ag ócáid bhronnta i Mí na Samhna, do TG4 as comhdháil *Circom 2022*, ar fhreastail ós cionn 220 comhalta ó Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí Eorpacha ar i nGaillimh i mBealtaine 2022.

5.2.5 Mhol baill boird an tsraith Northern Lights a craoladh ar TG4 le déanaí. Míníodh gur sraith Éireannach a bhí anseo a cheannaigh TG4 agus gur tugadh tacaíocht bhreise oiliúna do dhaoine le Gaeilge a bhí ar thaithí oibre mar chuid den léiriúchán.

5.3 **Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne**

5.3.1 *Folúntais*: Deimhníodh go raibh ceapacháin déanta ar bheirt Riarthóirí i bhfoireann na gClár.

5.3.2 *Saoire:* Dúradh go raibh dul chun cinn an-mhaith déanta ag an mBainisteoir Acmhainní Daonna maidir le patrún saoire na foirne agus feabhas suntasach a chur i bhfeidhm i 2022 agus 2023 agus leanfar leis an gcur chuige seo i 2024.

5.4 Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an bhord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an fhoireann Airgeadais agus leis an Ard-Stiúrthóir as an maoiniú forlíontach a bhaint amach.

6.2 Thréaslaigh an Cathaoirleach leis an Ard-Stiúrthóir as an Ghradam Céim Oinigh a bhronn Ollscoil na Gaillimhe air le déanaí. Rinne an Bord comhghairdeas leis agus dúirt gur aitheantas phearsanta don Ard-Stiúrthóir é as a bhfuil bainte amach aige.

**7. Cuntais Mhí na Samhna 2023**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí na Samhna. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.

Míníodh go raibh sábháiltí beaga ar chostais tarchuir, forchostais agus costais forbairt earnála agus an fuíollach curtha in aghaidh costas clár.

Glacadh leis na cuntais.

DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

**8. Buiséad 2024**

**8.1** Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar an bhuiséad a bhí beartaithe do 2024. Tugadh cuntas ar an chaiteachas inmheánach, caiteachas na gclár agus costais tarchuir don mbliain. Mhínigh an Stiúrthóir Airgeadais go ndéanfaí gach iarracht an cóimheas caiteachais leis an earnáil léirithe neamhspleach a choinneáil seasta bliain ar bhliain. Mhol an Bord go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcaiteachas Margaíochta le cinntiú go rabhthas ag díriú ar Lucht Féachana Náisiúnta, Croí Lucht Féachana agus lucht féachana digiteach. Mhol an Bord go ndéanfaí fiosrú ar fhéidearthachtaí caipitil le h-infheistiú sa bhfoirgneamh. Aontaíodh go mbeadh sé tabhachtach buiséad dóthaineach a bheith ar leataoibh do Nuacht & Cúrsaí Reatha TG4 ag dul chun cinn.

Glacadh leis an bhuiséad.
Ghabh an Bord buíochas as an leagan amach soiléir a bhí ar an Bhuiséad.

**9. Lucht Féachana Líneach & Neamhlíneach**

**9.1** Thug an Stiúrthóir Margaíochta léargas ar Lucht Féachana do Mhí Dheireadh Fómhair agus do Mhí na Samhna. Bhí meánsciar féachana 1.9% (DF) agus 2.2% (Mí na Samhna) ag TG4, agus lean TG4 air mar an 7ú cainéal ba mhó féachana.

D'éirigh go maith le Rugbaí Beo, Opry le Daniel agus GAA Beo sa dá mhí. Tháinig sraith Hector chun críche i Mí Dheireadh Fómhair, agus bhain sé lucht féachana maith amach. Tharraing an dá shraith nua *Aerfort Dhún na nGall* agus *Scoil Samhraidh Willie Clancy* aird an lucht féachana i Mí na Samhna. Bhí éileamh ar *Underdogs*, *Northern Lights* agus *Ros na Rún* ar an Seinnteoir. Rinne an craoladh ar líne ar *Scór Sinsir*, agus ar *Dhornálaíocht Bheo* go maith.

**9.2** Tugadh eolas breise don bhord ar dháileadh Sciar an Lucht Féachana ó mhí go mí in 2023, agus i dtréimhsí éagsúla den lá. Tugadh eolas freisin faoin trácht atá ag teacht chuig *TG4 Foghlaim*.

DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

**10. Polasaithe le Ceadú**

Cuireadh 4 pholasaí faoi bhráid an Bhoird le ceadú.

10.1 Cleachtais Riaracháin & Airgeadais.

Aontaíodh roinnt leasuithe ar an cháipéis. Moladh aon chonarthaí le ceadú a chur faoi bhráid gcruinniú boird iomlán (seachas fochoiste). Aontaíodh go gcuirfí liosta ar fáil ag gach cruinniú, mar eolas don bhord, d'aon chonradh ar luach idir 200k agus 500k.

Aontaíodh na Cleachtais Riaracháin agus Airgeadais, ach na leasuithe a bheith curtha i bhfeidhm.

10.2 Polasaí Bronntanais & Fáilteachais.

Aontaíodh an polasaí Bronntanais & Fáilteachais.

10.3 Clár Bronntanais & Fáilteachais a bheidh i bhfeidhm ón 01/01/24.

Aontaíodh an clár Bronntanais & Fáilteachais a chur i bhfeidhm ó 01/01/24.

10.4 Saoire Tuismitheora.

Iarradh breis eolais maidir leis an pholasaí Saoire Tuismitheora.

**11. Treoirlínte Comhlíonadh**

Thug an Stiúrthóir Dlí cur síos don Bhord ar Threoirlínte Comhlíonadh TG4 atá curtha i scríbhinn i gcomhthéacs na rialachán nua atá san Acht OSMR 2022. Tugadh léargas don Bhord ar na freagrachtaí atá ar TG4 mar chraoltóir agus mar fhoilsitheoir ar líne de réir an Achta.

Aontaíodh na treoirlínte.

Aontaíodh go gcuirfí na Treoirlínte nua faoi bhráid na foirne agus na h-Earnála Neamhspleáiche.

DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

**12. Nuacht TG4**

Bhí Ceannasaí Nuachta & Cúrsaí Reatha TG4 i láthair don mhír seo.

Meabhraíodh an moladh 7.1 ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán go mbeadh ceannas eagarthóireachta neamhspleách ar Nuacht TG4. Aontaíodh go gcruthófaí fo-choiste den Bhord chun an straitéis do Sheirbhís Nuachta TG4 a fhorbairt. Is iad na baill Boird ar an gcoiste sin ná: Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoirleach); Seán Ó Domhnaill agus Seán Ó Cuirreáin. Beidh an Ceannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha ar an gcoiste mar ionadaí Bainistíochta TG4. Aontaíodh go mbeadh cruinnithe rialta ag an bhfo-choiste agus go ndéanfaidís tuairisciú chuig an mBord ar dul chun cinn.

**13. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó breise.

**14. Riarachán Boird**

Aontaíodh dátaí na gcruinnithe Boird do 2024.
Aontaíodh an cur i láthair ar Suirbhé Scoile le Red C a chuir siar go Mí Feabhra.
Iarradh seisiún eolais a shocrú don mBord maidir le AI.

**15. Tuairisc ón Choiste Iniúchta & Riosca**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca tuairisc na bliana ón gcoiste sin. Mheabhraigh sí gur déanadh 3 Iniúchadh le linn na bliana

1) Díolachán, Feichiúnaithe, Fógraíocht & Urraíocht
2) An Próiséas Coimisiúnaithe i leith Buiséid
3) Cóid Cleachtais.

Dúradh go raibh uasdátú rialta á fháil ag an gcoiste ar chursaí Teicneolaíochta agus béim ar leith ar an Chíbearshlándáil. Deimhníodh go raibh cruinniú ag an choiste le oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an 16 Deireadh Fómhair. Dúradh go mbeadh an tuairisc Riosca Bhliantúil á cur i láthair an choiste ar an 11ú Nollaig agus go mbeadh tuairisc air sin ar fáil don mBord ag an gcead chruinniú eile.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an gCoiste as a gcuid oibre agus tacaíochta agus thug aitheantas do Bhainistíocht TG4 as a dtacaíocht le saineolas agus eolas breise a chur ar fáil nuair a iarradh é.

DocuSign Envelope ID: 4FC12169-A06C-4CB0-9BA2-110C67E3ECC0

B'é seo an cruinniú deiridh ag an gCathaoirleach mar go bhfuil a tréimhse boird ag teacht chun críche ar an 20 Nollaig. Aontaíodh gurb é Seán Ó Cuirreáin a bheadh mar chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ghabh an Cathaoirleach buíochas leis as a bheith toilteanach na cúraimí sin a ghlacadh.

**16. Aon Ghnó Eile**

Slán le beirt chomhalta Boird.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le beirt chomhalta, Bríd Ní Fhachtna agus Frank Reidy, a mbeadh deireadh lena dtréimhse ar Bhord TG4 ar an 20 Nollaig. Ghabh sí buíochas leo as a ndíograis agus a gcuid oibre ar son TG4 agus as an gcomhairle a roinn siad le linn a dtréimhse.

Ghabh an t-Ard-Stiúrthóir buíochas le Bríd & Frank thar ceann na Bainistíochta agus thug aitheantas don taithí agus tuiscint a bhí acu maidir le feidhm TG4 agus an tacaíocht stuama agus tuisceanach a thug siad do TG4 le linn a dtréimhse.

Dúradh go raibh na folúntais bhoird fógartha ag an gComhchoiste Oireachtais (JOC) agus go mbeadh na ceapacháin le déanamh faoi lár Mhí Feabhra.

**Críoch**

DocuSigned by:
Anna Ní Ghallachair
1915C3940044407...

***Síniú*** ______________________________

12-Apr-24 | 11:22 AM BST

**Dáta** ______________________________